# Nuacht Deireadh Fómhair 2020/October Newsletter

**Tá muid ar ais ar scoil anois le ocht seachtainí agus táimid an bhuíoch do gach duine idir tuismitheoirí, páistí agus foireann na scoile as a gcomhoibriú agus an dea obair ar fad.**
*We are back in school now for eight weeks and we are very grateful to parents, children and staff for their hard work and cooperation since our return.*

**Lá Spóirt na hEorpa/***European Sports day*
**Ar an Aoine an 25ú Meán Fómhair bhíomar ag ceiliúradh 'Lá Spóirt na hEorpa'. Ghlac scoileanna timpeall na hEorpa páirt san ócáid.**
**Bhí seans ag gach rang ceacht spóirt a bheith acu ar an bpáirc peile.**
**Bhí an aimsir go hálainn. Bhain na páistí agus na múinteoirí an-sult as an am spóirt sa bhreis. D'imir siad cluichí agus bhí rásanna ag roinnt ranganna freisin.**
**Ba mhaith linn béim láidir a leagadh ar an gcorpoideachas agus a bheith gníomhach i mbliana sa scoil más féidir. Tá sé fíor tábhachtach go nglacann na páistí páirt in imeachtaí spóirt cosúil le seo go minic. Bhí sé go deas freisin an chéad mhí ar ais ar scoil a cheiliúradh chomh maith**!
*On Friday the 25th we celebrated 'European School Sport's Day'. Schools all over Europe took part in the event.*
*Each class had an opportunity to go outside to the pitch for a Sports lesson.*
*The weather was lovely. The children and teachers all enjoyed themselves. The classes played games and many held races.*
*We want to really encourage the importance of physical activity this year in the school. It is very important that the children have opportunities to take part in sporting events such as this. It was also a great way to celebrate our first month back in school.*

**Seachtain na Mata/***Maths week 2020*
**Tá Seachtain na Mata linn anois. Thosaigh sí ar an 10ú Deireadh Fómhair agus críochnóidh sí ar an 18ú Deireadh Fómhair. Is Seachtain fíor-thábhachtach í mar go dtugann sé seans dúinne mar phobal na scoile agus díbhse mar chlann díriú ar mata amháin; Céard faoi a bhfuil sé seo ar fad? Cén fáth a ndéanaimid staidéar air ar scoil?**
**Uaireanta déanaimid dearmad cé chomh tábhachtach is atá sí agus go bhfuil sí fite fuaite in ár gnáthshaol. Braitheann an domhan ina iomlán uirthi ó thaobh an teicneolaíochta de agus ó thaobh cláir ama traenach agus eitleáin go dtí airgead agus fiú cócaireacht!**
**Beidh clár spraíúil agus gníomhach againn ar scoil le cluichí, gníomhaíochtaí agus comórtais. Tá suíomh idirlíne dírithe ar Sheachtain na Mata - Mathsweek.ie. Tá go leor, leor eolais agus áiseanna iontacha air chomh maith le leathanach do thuismitheoirí! Le bhur dtoil, féach air agus bain taitneamh as mata a dhéanamh le do pháistí. Beimid ag cuir grianghraif d'ár gníomhaíochtaí le linn Seachtain na Mata suas ar shuíomh idirlíne na scoile! Bí ag faire amach dóibh!! Idir an dá linn tabhair faoi deara an mata thart timpeall orainn agus labhair le bhur bpáistí faoi.**
**Bain taitneamh as a bheith in bhur Matamaticeoirí!**
*Maths week is here, having started on the 10th October and finishing on the 18th October. This is a very special week as it gives the whole school community and you as a family a chance to focus on mathematics alone; What is it all about? Why do we study it at school?*
*Sometimes we forget just how important it is and how much it is part and parcel of everyday life. The world as a whole depends on it, from computer technology to train and plane timetables to money and even cookery!*
*We will have a fun-filled programme at school with games, activities and competitions. There is a website dedicated to Maths week: Mathsweek.ie. This website has so many resources and information including a parents' page! Please check it out and have fun doing maths at home with your children.*
*We will be posting some of our maths week activities on our school website so please do look out for them!! In the meantime, begin to notice the maths all around us and point it out to your children and discuss it.*
*Happy Mathing!*

**Samhain**/*Halloween*
**Beidh Samhain an difriúil ag na páistí i mbliana. Ní bheidh aon siúlóid urraithe. Tá cead ag na páistí gléasadh suas ar an lá a mbriseann muid don saoire. Ná tóg aon fearais libh le bhur dtoil. Ag súil leis na cailleachaí, ban phrionsaí, agus cnámharlaigh a fheiceáil!**
*Halloween will be very different for the children this year. There will be **no** sponsored walk. Children **are** allowed dress up on the last day before the break. Please do not bring any props. Looking forward to seeing all the witches, princesses and skeletons!*

**Tá an Fhoirm Iarratais um Ligean Isteach go Gaelscoil Uí Earcáin don scoilbhliain 2021-2022 ar fáil ar www.gsue.ie ó 1 Deireadh Fómhair-23 Deireadh Fómhair . Ní mór don pháiste a bheith 4 bliana d'aois roimh an 1 Bealtaine 2021.**
*An Application for Admission to Gaelscoil Uí Earcáin for the school year 2021-2022 is available on our school website www.gsue.ie from 1 October-23 October. . Your child must be 4 years of age by the 1st May 2021.*

***Má tharlaíonn go ndúnfaidh an Rialtas an scoil leanfar ar aghaidh leis an mhúinteoireacht trí Aladdin, Dojo Ranga agus Zoom.***
*In the event of school closure by the Government please note that teaching will continue through Aladdin, Class Dojo and Zoom*